

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile
TUAIRISC

Scoil Mobhí
Glas Naíon, Baile Átha Cliath 9
Uimhir rolla: 19395H

Dáta na cigireachta: 15 Deireadh Fómhair 2010



AN ROINN DEPARTMENT OF
OIDEACHAIS EDUCATION
AGUS SCILEANNA AND SKILLS

1. Réamhrá

Is bunscoil lán-ghaelach, mheasctha, í Scoil Mobhí a bhunaigh na Siúracha Doimíneacha i 1972 agus a fheidhmíonn faoi phátrúnacht Ardeaspag Caitliceach Bhaile Átha Cliath. Tagann daltaí chuig an scoil ón dúiche agus ó áiteanna eile i mBaile Átha Cliath. Tá 260 dalta rollaithe sa scoil. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

2. Achoimre ar thátail agus moltaí d'fhorbairt bhreise

Is iad seo a leanas **príomh-láidreachtaí** obair na scoile:

- Cothaítear atmaisféar sona dearfach sa scoil ina ndéantar meas agus cion ar oidhreacht agus ar chultúr na hÉireann a chothú, chomh maith le meas ar dhaoine agus ar chultúr eile.
- Feidhmíonn an bord bainistíochta go héifeachtach agus tugann na baill an-tacaíocht don fhoireann agus do phobal na scoile.
- Stiúránn an príomhoide an scoil go tuisceanach agus le cinnteacht, agus tugann an fhoireann bainistíochta inscoile comhoibriú cabhrach di chun ceannaireacht a sholáthar ar raon leathan gníomhaíochtaí.
- Tá an fhoireann le moladh as a ndúthracht agus as caighdeán na múinteoireachta, agus is maith an caighdeán atá bainte amach ag na daltaí sna hábhair a deineadh meastóireacht orthu.
- Tá dea-chleachtas an fhoireann tacaíochta foghlama le moladh, ach go háirithe ó thaobh riachtanais an dalta aonair a aithint, cláir foghlama oiriúnacha a eagrú agus taifid chuimsitheacha a choinneáil ar an dul chun cinn.
- Tá cúirtéis agus iarrachtaí chun foghlama na ndaltaí le moladh agus is léir go gcomhoibríonn siad go toilteanach leis na hoidí.

Tá na **príomh-mholtaí** seo a leanas á ndéanamh:

- San phleanáil ranga don ghearrthéarma, moltar go ndéanfaí breis tagairt do dhifreálú agus straitéisí comhoibrithe foghlama.
- Nuair a dhéanfar athbhreithniú ar an gcur chuige a n-úsáidtear chun tacaíocht foghlama a sholáthar, b'fhiú breis úsáide a bhaint as tacaíocht in-ranga mar chóras tacaíochta.

3. Cailíocht bhainistíochta na scoile

- Feidhmíonn an bord bainistíochta go héifeachtach mar aonad. Tá dualgais faoi leith ag baill an bhoird agus comhlíonann siad na dualgais seo go díograiseach. Glacann an bord páirt lárnach sa phróiseas pleanála uile-scoile agus stiúránn an bord forbairt polasaithe na scoile. Tugann an bord tacaíocht diongbháilte don fhoireann agus do phobal na scoile.

Léiríonn miontuairiscí na gcruinnithe na hábhair a phléann an bord agus na cinní a dhéantar ag gach cruinniú.

- Tugann an príomhoide ceannaireacht tuisceanach don fhoireann bhainistíochta inscoile agus comhoibríonn an fhoireann léi chun tosaíochtaí curaclaim a chur chun cinn. Déantar athbhreithniú rialta ar dhualgaisí na foirne bainistíochta inscoile i dtreo is go mbeadh ceannaireacht ar fáil sna hachair churaclaim agus eagrúcháin a mbeadh á bhforbairt ag an scoil.
- Déantar cúram ceart de chothabháil na scoile. Coinnítear an foirgneamh glan agus néata. Tá réimse breá d'acmhainn teagaisc curtha ar fáil. Faoi láthair tá beirt oidí ranga ag feidhmiú mar oidí tacaíochta toisc nach bhfuil seomraí ranga ar fáil dóibh. Ciallaíonn an staid seo go bhfuil méid gach rang príomhshrutha níos mó ná an uasmhéid atá molta ag an Roinn. Moltar go ndéanfadh an bord oidí a dháileadh de réir sceidil um sholáthar agus um cheapachán foirne (Ciorclán 0021/2010).

4. Cáilíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile

- Tá ardchaighdeán ar cháilíocht na pleanála uile scoile. Tá raon leathan de pholasaithe curaclaim agus riaracháin pléite ar bhonn na scoile uile agus faofa ag an mbord bainistíochta tar éis próiseas comhairleoireachta le baill de phobal na scoile. Déantar athbhreithniú rialta ar gach gné den phleanáil. Tá plean gníomhaíochta cúig bliana deartha ag an mbord ina bhfuil tosaíochtaí na scoile leagtha amach. Cuireann an plean gníomhaíochta seo le héifeacht na féinmheastóireachta sa scoil.
- Tá pleananna factéarmacha na n-oidí an-chuimsitheach agus déantar tagairt iontu d'ábhar, d'aidhmeanna agus do chuspóirí foghlama, d'eagrú ranga agus d'áiseanna. Tugtar treoir chabhrach do na hoidí sna cáipéisí sin. Léiríonn an phleanáil don ghearrthéarma an t-ábhar atá le clúdach gach tréimhse. Chuirfeadh sé le héifeacht na pleanála gearrthéarmach dá ndéanfaí tagairt inti do ghníomhaíochtaí foghlama éagsúla, do dhifreálú agus do mheasúnú. Tá córas comónta i bhfeidhm ag na hoidí chun cuntais mhíosúla a choinneáil.
- Thug údaráis na scoile fianaise go bhfuil, de réir Imlitir Bunscoile 0061/2006, glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na Treoirlínte do Bhunscoileanna um Chaomhnú Daltaí. Tugadh fianaise freisin gur díriodh aire na bainistíochta, na foirne scoile agus na dtuismitheoirí ar na nósanna imeachta seo um chaomhnú daltaí; gur soláthraíodh cóip de na nósanna imeachta do bhaill uile na foirne (na baill nua uile san áireamh); agus go bhfuil deimhin déanta de ag an mbainistíocht go dtuigeann an fhoireann ar fad na nósanna imeachta atá le leanúint. Tá duine ainmnithe idirchaidrimh agus ionadaí idirchaidrimh ceaptha faoi mar a éilíonn na treoirlínte.

5. Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí

- Déantar pleanáil úsáideach do mhúineadh na Gaeilge agus eagraítear áiseanna tairbheacha chun tacú leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim. Baineann na múinteoirí feidhm as modhanna múinte oiriúnacha agus sonraítear dea-úsáid á baint as teicneolaíocht san teagasc. Leanann ceachtanna ar luas oiriúnach agus tá dea-struchtúr le sonrú sna gníomhaíochtaí foghlama a eagraítear. Tá stór maith filíochta agus amhrán ar eolas ag na daltaí. Baintear dea-úsáid as ríomhairí chun obair na ndaltaí a fhoilsiú agus déantar saothar na ndaltaí a chéiliúradh sna taispeántais ranga. Léiríonn obair scríofa na ndaltaí go bhfuil siad in ann scríobh ar raon leathan ábhar agus i seánraí éagsúla.

- Tá cáilíocht an teagaisc agus na foghlama sa Bhéarla go han-mhaith. Tá clár oiriúnach ann chun forbairt sa teanga ó bhéal a chothú. Tá stór an-mhaith de leabhair leabharlainne sa scoil agus tá soláthar maith leabhar do na leabharlanna ranga. Léann na daltaí le tuiscint agus le líofacht agus tá a leibhéil ghnóthachtála go han-mhaith. Glacann na hoidí cur chuige struchtúrtha agus cruthaitheach don phróiseas scríbhneoireachta agus d'fhorbairt scileanna scríbhneoireachta na ndaltaí i raon seánraí. Cuirtear béim inmholta ar léirithuisint d'fhillíocht agus ar sholáthar deiseanna do dhaltáí dánta a chumadh. Tá cleachtais mheasúnaithe an-mhaith i bhfeidhm, agus ceartaítear saothar na ndaltaí go cúramach.
- *The quality of teaching and learning in English is very good. A suitable oral language development programme is in place. The school has a very good stock of library books and class libraries are well resourced. Pupils read with meaning and fluency and their attainment levels in reading are very good. Teachers adopt a creative and structured approach to the writing process and the development of the pupils' writing skills in a range of genres. Commendable emphasis is placed on poetry appreciation and on providing pupils with opportunities to compose poems. Very good assessment practices are in operation, with pupils' work being corrected in a careful manner.*
- Léiríonn na daltaí suim sna ceachtanna Matamaitice agus tá dul chun cinn cuí á bhaint amach acu san ábhar. Cuirtear béim inmholta ar theanga na Matamaitice agus ar mhatamaitic intinne. Baineann na hoidí feidhm thorthúil as modhanna éagsúla múinteoireachta. Déantar na coincheapa a cheangailt le saol agus timpeallacht na ndaltaí. Sna ceachtanna, baineann na hoidí úsáid éifeachtach agus chruthaitheach as acmhainní agus as teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide chun coincheapa a léiriú agus a mhíniú. Cuirtear béim chuí ar úsáid a bhaint as ábhair nithiúla le linn ceachtanna chun rannpháirtíocht a chothú agus chun coincheapa a shealbhú. Baintear úsáid sásúil as díospóireacht chun coincheapa éagsúla a phlé agus chun scileanna na ndaltaí a fhorbairt.
- Baineann na daltaí an-taitneamh as an gceol sa scoil seo. Canann siad réimse leathan amhrán i nGaeilge agus i mBéarla go deas binn. Cabhraíonn an cór sa scoil go mór leis seo. Tugann na hoidí faoi mhúineadh an ábhair go cruthaitheach agus go slachtmhar. Baineann siad sár-úsáid as acmhainní agus sonraítear úsáid fhíoréifeachtach á baint as teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide ach go háirithe. Glacann na daltaí páirt ghníomhach agus samhlaíoch sna ceachtanna maidir le húsáid uirlisí éagsúla chun ceol a dhéanamh. Cuirtear béim chuí ar litearthacht an cheoil agus ar ghnéithe éagsúla den cheol, amhail buille, luas, rithim, fad agus stíl a shaothrú. Déantar comtháthu an-éifeachtach le hábhair eile den churaclam.
- Tugann na hoidí faoina gcuid oibre go coinsiasach agus go bríomhar sa scoil seo. Tá struchtúr agus luas éifeachtach sna ceachtanna, le béim chuí ar rannpháirtíocht na ndaltaí. Dá bhrí sin, éiríonn go geal leis na hoidí suim agus aird na ndaltaí a mhúscailt agus a choimeád ina gcuid gceachtanna. Léiríonn na daltaí suim ina gcuid oibre agus tugann siad faoi thascanna éagsúla le fuinneamh agus spiorad. Baintear an-úsáid as fearas, go mórmhór teicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide. Ceartaíonn na hoidí obair na ndaltaí go cúramach agus go rialta agus tugann siad aiseolas rialta dóibh ar a ndul chun cinn. Baintear feidhm éifeachtach as rangtheagasc le linn ceachtanna. Tá scóip le breis úsáide a bhaint as modhanna comhoibríthe sa teagasc agus san fhoghlaim, trí dheiseanna níos rialta a thabhairt do dhaltáí obair le chéile i mbeirteanna agus i ngrúpaí beaga. Léiríonn freagraí na dtuismitheoirí ar cheistneoirí go bhfuil tromlach díobh sásta le cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí.

6. Cáilíocht na tacaíochta do dhaltáí

- Déantar pleanáil chuimsitheach sa scoil seo do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, amhail deacrachtaí sa litearthacht nó san uimhearthacht. Trí thástálacha caighdeánacha agus diagnóiseacha a úsáid go rialta, aithnítear riachtanais bhreise agus roghnaítear spriocanna foghlama oiriúnacha do dhaltaí aonair. Eagraítear idirghabhálacha éifeachtacha chun freastal ar na riachtanais atá aitheanta agus féachtar chuige go mbíonn na daltaí ag obair ar chláir oiriúnacha fhoghlama. Coinnítear taifid chruinne ar dhul chun cinn na ndaltaí atá ag fáil tacaíochta. Chun cur leis an deachleachtas a breathnaíodh, moltar go gcuirfí breis béime ar thacaíochtaí in-ranga i dtreo is go maolófaí ar aon torthaí diúltacha a d'éireodh as dalta a bheith á thógáil go rialta as a rang féin.

Foilsíodh: Meitheamh 2011